Tús – Tionscnamh Socrúcháin Oibre Pobail

Tá Comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge CTR freagrach as **Tús — an Tionscnamh Socrúcháin Oibre Pobail** a sheachadadh i gcontae Phort Láirge, thar ceann na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Is **socrúchán taithí oibre 12 mhí** é Tús a thugann deis dóibh siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach uasoiliúint a dhéanamh agus ullmhú dá ndul isteach sa lucht saothair arís, agus ag an am céanna roinnt tacaíochtaí a bhfuil géarghá leo a sholáthar dár gcomhpháirtithe pobail agus d'eagraíochtaí óstacha ar leibhéal áitiúil.

Tús
Tionscnamh Socrúcháin Oibre Pobail

Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge
Waterford Leader Partnership

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

Teagmháil:

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi **Tús**, déan teagmháil lenár nOifig ag:

058 54646

info@wlp.ie

www.wlp.ie

Waterford LEADER Partnership CLG

Páipéar 100% athchúrsáilte

Tús
Tionscnamh Socrúcháin Oibre Pobail

Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge
Waterford Leader Partnership

Rannpháirtithe

Chun a bheith incháilithe do Tús, ní mór dóibh siúd a ghlacann páirt a bheith dífhostaithe go leanúnach ar feadh **12 mhí ar a laghad, Liúntas Cuardaitheora Poist (LCP) a bheith á fháil acu ag an am i láthair agus iad a bheith "ag síniú" ar bhonn lánaimseartha.**

Den chuid is mó, **roghnaíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí rannpháirtithe go randamach agus atreoraítear iad chuig Comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge** lena mbreithniú le haghaidh socrúchán oiriúnach nuair a bheidh sé ar fáil, ach is féidir le **daoine a chomhlíonann na critéir incháilitheachta roinnt áiteanna Tús a líonadh trí fhéin-atreorú**.

Tá an clár ar fáil freisin dóibh siúd atá **dífhostaithe go hiomlán agus atá ag fáil Liúntas Míchumais** (Féin-atreorú amháin) nó dóibh siúd a bhfuil stádas dídeanaí acu agus atá ag fáil íocaíocht Liúntas Cuardaitheora Poist. Ní mór do gach rannpháirtí a bheith 18 mbliana d'aois nó níos sine.

Soláthraithe Socrúcháin Oibre

Tacaíonn Comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge le **raon leathan Comhpháirtithe Pobail i** seachadadh seirbhísí áitiúla i gceantair uirbeacha agus tuaithe araon ar fud an Chontae. Is gnách go mbíonn socrúcháin **19.5 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ar feadh tréimhse 12 mhí** ach is féidir iad a chur in oiriúint do riachtanas ar leith laistigh den Phobal.

I measc na bpost tá:

- Feighlíocht/Cothabháil Páirce
- Ullmhúchán & Seachadadh béilí
- Cúntóir Miondíola/Siopa
- Cúramóirí/Cúntóirí i Seomra Ranga
- Seirbhísí do Chustaiméirí/Riarachán
- Róil na mBailte Slachtmhara
- Caomhnú Lárionad Pobail

An Lárionad Pobail a Chothabháil
Le linn a gcuid ama ar an gclár is féidir le rannpháirtithe leas a bhaint as **réimse leathan deiseanna oiliúna**.

Léirithe Spéise

Tá Comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge bródúil as a bheith mar chuid den tionscnamh iontach pobail seo agus tá siad ag lorg iarratas ar rannpháirtíocht in Tús ar bhonn leanúnach.

Is féidir Foirm Léirithe Spéise a fháil ar ár bpríomhleathanach gréasáin www.wlp.ie nó trí theagmháil a dhéanamh lenár n-oifig ar Teil: 058-54646 nó Ríomhphost: info@wlp.ie